Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

13588/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0900(COD)**

**JUR 521**
**COUR 37**
**INST 416**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Leasú ar Phrótacal Uimh. 3 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh<br>- Cur chuige ginearálta |

1. An 26 Márta 2018, tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais iarraidh faoi Airteagal 281 CFAE le haghaidh leasú ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ina raibh ceithre phríomh-chomhpháirt, eadhon (i) go n-aistreofaí chuig an gCúirt Ghinearálta an dlínse chun breithniú, i bprionsabal, ar an gcéad ásc, maidir le himeachtaí sáraithe bunaithe ar Airteagal 108(2), agus Airteagail 258 agus 259 CFAE; (ii) go mbronnfaí ar an gCúirt Bhreithiúnais an fhreagracht as déileáil le caingne le haghaidh neamhniú a bhaineann leis an mainneachtain breithiúnas ón gCúirt faoi Airteagal 260 CFAE a chomhlíonadh mar is ceart; (iii) nós imeachta a thabhairt isteach, i gcás catagóirí áirithe achomharc, trína gcinnfeadh an Chúirt Bhreithiúnais má táthar le ceadú d'achomhairc áirithe dul ar aghaidh; agus (iv) an téarmaíocht a chomhchuibhiú (7586/18).

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an gCúirt Bhreithiúnais an togra sin ag na cruinnithe a bhí aici ar an 20 Aibreán, an 8 Meitheamh agus an 18 Iúil 2018. Thug an Coimisiún a thuairim uaidh maidir leis an iarraidh ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 11 Iúil 2018 (11076/18).

3. I bhfianaise an mhalartaithe tuairimí sin, sheol Uachtarán na Cúirte Breithiúnais litir chuig Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh ina luaitear nach raibh aon deacrachtaí ar leith ann i ndáil le comhpháirteánna (ii) go (iv) den iarraidh, ach nach bhféadfaí an rud céanna a rá faoin dlínse breithnithe ar an gcéad ásc i ndáil le catagóirí áirithe d'imeachtaí um shárú a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta, mar a léiríodh, go háirithe, sa tuairim ón gCoimisiún Eorpach an 11 Iúil 2018. D'aithin an Chúirt Bhreithiúnais freisin gur mhian le roinnt páirtithe fanacht go dtí go mbeadh athchóiriú struchtúr chúirteanna an Aontais Eorpaigh curtha i gcrích go hiomlán agus na tairbhí a thiocfadh as sin ar fáil.

4. Dá réir sin, d'iarr an Chúirt ar reachtóir an Aontais go gcuirfí siar go céim níos déanaí an scrúdú ar chomhpháirt na hiarrata sin a bhaineann leis an dlínse breithnithe ar an gcéad ásc i ndáil le catagóirí áirithe d'imeachtaí um shárú a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta, ós rud é go bhféadfadh an cheist sin a bheith faoi réir leasuithe breise arna moladh ag an gCúirt, agus d'iarr freisin go dtabharfaí tús áite do thrí chomhpháirt eile na hiarrata sin.

5. I bhfianaise an mhéid sin, thíolaic an Chúirt Bhreithiúnais iarraidh mhodhnaithe an 10 Lúnasa 2018 nach raibh inti ach na codanna sin nach raibh aon fhadhbanna ag roinnt leo. Seoladh an iarraidh mhodhnaithe sin chuig na Ballstáit le go dtabharfaidís a mbarúlacha i scríbhinn ina leith.

6. An 23 Deireadh Fómhair 2018, thug an Coimisiún tuairim fhabhrach uaidh maidir leis an dréacht modhnaithe (13587/18).

7. I bhfianaise na malartuithe is déanaí seo, tá an chuma ar an scéal gur leithne anois an comhaontú idir na toscaireachtaí i ndáil leis an téacs san Iarscríbhinn atá ag gabháil leis an doiciméad seo.

8. Cheap an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla de chuid Pharlaimint na hEorpa an tUasal Tiemo Wölken (S&D, an Ghearmáin) mar rapóirtéir. Chuir sé a dhréacht-tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an 22 Deireadh Fómhair 2018.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an téacs atá san Iarscríbhinn atá ag gabháil leis an doiciméad seo a fhormhuiniú, d'fhonn go bhféadfar teacht ar chur chuige ginearálta ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta ar an 12 Samhain 2018.

RIALACHÁN (AE, Euratom) 2018/…ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ón gCOMHAIRLE

an…

lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 256(1) agus an dara mír d'Airteagal 281 de,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a(1) de,

Ag féachaint don iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais an …[1],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach an ...[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhreis ar an gcuireadh atá in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, thug an Chúirt Bhreithiúnais, in éineacht leis an gCúirt Ghinearálta, faoi athbhreithniú foriomlán a dhéanamh ar an dlínse a fheidhmíonn siad agus lena measadh ar cheart athruithe áirithe a dhéanamh, i bhfianaise an athchóirithe ar struchtúr chúirteanna an Aontais Eorpaigh de bhun an Rialacháin thuasluaite, ar dháileadh an dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta nó ar an gcaoi a ndéileálann an Chúirt Bhreithiúnais le hachomhairc.

---

1 Iarraidh an 26 Márta 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), arna leasú an 10 Lúnasa 2018.

2 Tuairim an 11 Iúil 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus an 23 Deireadh Fómhair 2018.

3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an ….

(2) Mar a léirítear sa tuarascáil a chuir an Chúirt Bhreithiúnais faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle agus faoi bhráid an Choimisiúin ar an 14 Nollaig 2017, measann an Chúirt Breithiúnais nach gá, ag an am seo, athruithe a mholadh maidir le láimhseáil ceisteanna a tharchuirtear chun na Cúirte le réamhrialú a dhéanamh de bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAD). Is bhunchloch ag córas breithiúnach an Aontais Eorpaigh é an tarchur le réamhrialú, agus déileáiltear leis go gasta, rud a fhágann nach gá, i láthair na huaire, go n-aistreofaí chun na Cúirte Ginearálta an dlínse maidir le ceisteanna a tharchuirtear le réamhrialú i réimsí sonracha arna leagan síos ag Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(3) Fós féin, leis an athbhreithniú a rinne an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta, léiríodh gur féidir deacrachtaí tromchúiseacha a bheith ag an gCúirt Ghinearálta agus í ag breithniú i gcás caingean le haghaidh neamhniú arna tionscnamh ag Ballstát i gcoinne gníomh de chuid an Choimisiúin a bhaineann le mainneachtain cloí i gceart le breithiúnas arna thabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais faoi Airteagal 260(2) nó (3) CFAE, i gcás ina mbeadh easaontú ann idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann maidir le leordhóthanacht na mbeart arna nglacadh ag an Stát sin chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh. Ar an bhforas sin, is cosúil gur gá, i gcás dlíthíocht a bhaineann le cnapshuim nó íocaíocht phionósach arna forchur ar Bhallstát de bhun na bhforálacha sin de chuid CFAE, an dlíthíocht sin a fhorchoimeád go heisiach don Chúirt Bhreithiúnais.

(4) Anuas air sin, is léir freisin ó athbhreithniú na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta gur iomadúil iad na hachomhairc a dhéantar i gcásanna a ndearnadh iad a bhreithniú faoi dhó cheana féin, iad á mbreithniú i dtosach ag binse riaracháin neamhspleách agus ansin ag an gCúirt Ghinearálta, agus go ndéanann an Chúirt Bhreithiúnais líon nach beag de na hachomhairc sin a dhíbhe de bharr é a bheith follasach gur gan bhunús iad nó ar an bhforas gur follasach iad a bheith do-ghlactha. D'fhonn é a bheith ar chumas na Cúirte Breithiúnais díriú ar na cásanna dá dteastaíonn a haird iomlán, tá sé riachtanach, ar mhaithe le riaradh cuí an cheartais, sásra a thabhairt isteach le haghaidh achomhairc a bhaineann le cásanna den sórt sin, trína bhféadfadh an Chúirt Bhreithiúnais a chinneadh nach leanfadh achomharc ar aghaidh, go hiomlán nó go páirteach, ach amháin i gcás ina mbeadh saincheist i dtreis ann a bhfuil suntas ag roinnt léi i ndáil le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dlí an Aontais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leasú agus comhleanúnachas téarmaíochta a áirithiú san am céanna idir forálacha an Phrótacail sin agus na forálacha comhfhreagracha de chuid CFAE, agus forálacha iomchuí idirthréimhseacha a bhunú i ndáil le toradh cásanna atá ar feitheamh ar an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Prótacal Uimh. 3 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 51:

'*Airteagal 51*

De mhaolú ar an riail atá leagtha síos in Airteagal 256(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, forchoimeádtar dlínse chuig an gCúirt Bhreithiúnais:

(a) sna caingne sin dá dtagraítear in Airteagail 263 agus 265 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh arna dtionscnamh ag Ballstát i gcoinne:

(i) gníomh reachtach, gníomh de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle nó i gcoinne mainneachtain gníomhú de chuid cheann amháin nó níos mó de na hinstitiúidí sin, ach amháin i gcás:

-- cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle faoin tríú fomhír d'Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

-- gníomhartha de chuid na Comhairle arna nglacadh de bhun rialacháin ón gComhairle a bhaineann le bearta chun trádáil a chosaint de réir bhrí Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

-- gníomhartha de chuid na Comhairle lena bhfeidhmíonn sí cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 291(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(ii) gníomh nó neamhghníomh de chuid an Choimisiúin faoi Airteagal 331(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(b) i gcaingne dá dtagraítear in Airteagail 263 agus 265 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh arna dtabhairt ag institiúid de chuid an Aontais i gcoinne gníomh reachtach, gníomh de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle Eorpaí, na Comhairle, an Choimisiúin nó an Bhainc Ceannais Eorpaigh, nó i gcoinne mainneachtain gníomhú cheann amháin nó níos mó de na hinstitiúidí sin;

(c) sna caingne sin dá dtagraítear in Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus iad á dtionscnamh ag Ballstát i gcoinne gníomh de chuid an Choimisiúin maidir le mainneachtain breithiúnas de chuid na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme go cuí de réir an dara fomhír d'Airteagal 260(2), nó an dara fhomhír d'Airteagal 260(3) den Chonradh sin.'

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'*Airteagal 58a*

Achomharc arna dhéanamh i gcoinne cinneadh de chuid na Cúirte Ginearálta maidir le cinneadh a rinne bord achomhairc de chuid ceann amháin de na hoifigí agus na gníomhaireachtaí seo a leanas, ní rachaidh sé ar aghaidh mura gcinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais i dtús báire gur cheart go leanfadh sé ar aghaidh:

(a) Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh;

(b) Oifig an Chomhphobail maidir le Cineálacha Plandaí;

(c) an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán;

(d) Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.

Ligfear d'achomharc dul ar aghaidh, go hiomlán nó go páirteach, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta, i gcás ina mbeidh saincheist i dtreis ann a bhfuil suntas aici i ndáil le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dlí an Aontais.

An cinneadh a dhéanfar maidir le hachomharc dul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh, is cinneadh cuí-réasúnaithe a bheidh ann agus déanfar é a fhoilsiú.'

*Airteagal 2*

Cásanna a thagann faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais faoi Phrótacal Uimhir 3 mar a leasaíodh leis an Rialachán seo é, agus ar tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta iad faoin ... [dáta a dtiocfaidh an Rialachán leasaitheach seo i bhfeidhm] ach nár cuireadh clabhsúr fós leis an gcéim scríofa den nós imeachta ar an dáta sin, déanfar iad a shannadh chuig an gCúirt Breithiúnais.

*Airteagal 3*

Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58a de Phrótacal Uimhir 3 maidir le hachomhairc a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais faoin ... [dáta a dtiocfaidh an Rialachán leasaitheach seo i bhfeidhm].

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh mhí a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa …, an ...

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |